C/2025/354

15.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11802 – TTE / AES / ADRE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/354)

1. An 8 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TotalEnergies S.E. ('TTE', an Fhrainc),

— The AES Corporation ('AES', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— AES Dominicana Renewable Energy, S.A. ('ADRE', an Phoblacht Dhoiminiceach), atá faoi rialú AES.

Gheobhaidh TTE agus AES rialú comhpháirteach ar ADRE de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh leathan chomhtháite idirnáisiúnta í TTE. Tá TTE ag gabháil do gach earnáil den tionscal ola agus gáis, lena n-áirítear margaí réamhtheachtacha (taiscéalaíocht, forbairt agus táirgeadh hidreacarbón) agus margaí iartheachtacha (scagadh, peitriceimiceáin, ceimiceáin speisialtachta, trádáil agus loingseoireacht amhola agus táirgí peitriliam agus margaíocht),

— Is cuideachta fuinnimh dhomhanda í AES a oibríonn gnólachtaí giniúna agus dáileacháin leictreachais theirmigh agus in-athnuaite.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó ADRE: Déanann ADRE sócmhainní gaoithe ar talamh, gréine (lena n-áirítear giniúint ghriandáilte) agus stórála fuinnimh a fhorbairt agus a oibriú agus tá úinéireacht aige orthu, lena n-áirítear tionscadail oibríochtúla agus tionscadail atá á bhforbairt. Tá an Sprioc ADRE gníomhach sa Phoblacht Dhoiminiceach amháin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11802 – TTE / AES / ADRE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË